Gulag an Dea-mhothaithe

Ian Kilroy

Luach na nEalaíon

the arts
council
an chomhairle
ealaíon

Réamhrá

Coimisiúnaíodh an staidéar darb ainm *An Pobal agus na hEalaíona (2006)* ag an gComhairle Ealaíon chun eolas a chur ar fáil ar iompar agus ar mheon reatha mhuintir na hÉireann i leith na nEalaíon.

Is léir ón staidéar go bhfuil meon an phobail i leith na nEalaíon thar a bheith dearfach agus tá na leibhéil tinrimh níos airde ná na gnáthleibhéil idirnáisiúnta. Nochtar patrúin reatha tinrimh, rannpháirtíochta agus ceannaigh, chomh maith le 'tomhaltas' príobháideach na n-ealaíon agus cultúir trí raon meáin atá ag méadú. Léirigh an staidéar chomh maith áfach roinnt fionnachtana atá frithráiteach de réir na cosúlachta – measann an pobal (de réir mar a léiríodh sna samplaí a tógadh ag an staidéar) go bhfuil na healaíona tábhachtach, fiú mura ndéanann siad freastal pearsanta ar imeachtaí ealaíon foirmiúla. Spreag sé seo machnamh ar na slite éagsúla inar féidir leis na healaíona tionchar a dhéanamh ar an saol laethúil, d'ainneoin a dhofheictheacht uaireanta.

De bhun an staidéir d'iarr an Chomhairle Ealaíon ar raon tráchtairí a gcuid tuairimí agus léargas a thabhairt ar *Luach na nEalaíon.* Tá sé mar aidhm ag na paimfléid seo plé a spreagadh agus aird a tharraingt ar an ról ríthábhachtach a d'fhéadfadh a bheith agus a bhíonn ag na healaíona ar ár saolta mar dhaoine aonair, mar bhaill de phobail ilghnéitheacha agus mar chuid den tsochaí i gcoitinne.

Gulag an Dea-mhothaithe

Lá amháin i 1942, ag a árasán ar 122 Bóthar Morehampton, Baile Átha Cliath, tugadh cuairt ar Patrick Kavanagh ag beirt ón nGarda Síochána. Tháinig cuairteoirí an Chaomhánaigh, na cuairteoirí faoi éide seo chun ceist a chur ar an bhfile mar gheall ar fhoilsiú déanach de shleachta as a dhán The Great Hunger, i dtréimhseachán Frank O'Connor darb ainm Horizon. De réir an scéil, chuir tagairtí do ghlacaireacht aonair sa dán fearg ar an mBord Cinsireachta; agus dá bhrí sin, cuireadh na Gardaí air.

Anois, cé nach raibh ach toradh maith i ndán don fhile Ultach mar gheall ar an gcuairt, ach amháin gur baisteadh "féinthruaillitheoir Mhuineacháin" air ag Breandán Ó Beacháin, léiríonn an eachtra an tábhacht a chuirtear ar ealaín ag cumhachtaí an stáit. Beidh a fhios ag duine ar bith a bhfuil aithne acu ar stair Sóivéadach an luach a chuireann bithiúnaigh agus deachtóirí ar shaothair ealaíne. Is í an mhíthuiscint í sa lá atá inniu ann ná go mbaineann na fórsaí dorcha seo leis an am a chuaigh thart, go mbaineann siad amháin le linn na scannán dubh agus bán, na rothar high-nelly agus crombie taise duibhe. Ach baineann trodaíocht agus iomaíocht le smacht ar léiriú ealaíne go fóill, inniu mar a bhí riamh.

Is í an difríocht anois, áfach, ná go gcuirtear an smacht i bhfeidhm trí bhrúnna príobháideacha agus tráchtála, a chuireann teorainn ar an dioscúrsa ealaíonta don mhéid a cheaptar a bheith príomhshruthach, marsantach, agus slánchéillí dá réir sin. Ní gá duit an gulag a bhagairt ar dhuine chun an méid atá uait a fháil, an dtuigeann tú. Tá scéiméireacht na cumhachta caolchúiseach agus cealgach. Déantar an chinsireacht le focal ciúin, seachas le smíste.

Is é an méid atá deimhneach ná nach bhfuil amhras ar bith ag an gcinsire faoi luach na healaíne. Tuigeann an forlámhaí cumhacht fhéideartha na n-ealaíon chun corraí agus áitiú a dhéanamh, chun luachanna nó easaontas a chur le chéile. B'fhéidir é gur cheap Plato nach raibh "aidhm fhíor ná shláintiúil" ag an ealaín, agus gur dhíbir sé óna Phoblacht í, ach thug Kant agus an t-ochtú aois déag thar n-ais í.

Dar le Shelley , mar shampla, bhí na filí "ina mbunaitheoirí den sochaí sibhialtachta". Ar an gcaoi chéanna, léirigh Friedrich Schiller, ina shaothar *Theatre Considered As A Moral Institution,* an ealaín mar bhreogán an náisiúin. Chruthaigh an ealaín aontacht agus rinne sé beag den easaontas, a d'áitigh sé, agus lean Yeats ar aghaidh leis sin níos mó ná céad níos déanaí: "Ní náisiúntacht gan litríocht" a d'fhógair sé. Dhéanfaí Éire as brionglóidí. Amhail na *filí* fadó, dhéanfadh an stát ómós don ealaíontóir. Fuair an bard pátrúnacht mar chúiteamh ar a mholadh – más ea go bhfaightear ó Shaorstát nua de chuid Yeats nó, i dtrátha agus áit eile (agus i gcomhthéacs an-éagsúil), ó Phoblacht Sóivéadach Stalin.

Ón ochtú aois déag, bhí ról athnuaite tábhachtach ag na healaíona. D'oibrigh siad mar "thionchar mórálta sibhialtach" ar an daonra i gcoitinne. I mbeagán focal, bolscaireacht éifeachtach an stáit a bhí iontu. Agus is laistigh den pharaidím sin a leanann na healaíona faoi ráth, cé gur comhthéacs nua atá ann.

"Ní raibh tábhacht na féiniúlachta cultúrtha níos ábhartha riamh ná mar atá anois i ré an domhandaithe mhéadaithigh," a dúirt an tAire Ealaíon, An tUas. John O'Donoghue le déanaí. Is é mar

tháscaire féiniúlachta a chuirtear luach ar na healaíona. Ach cén fáth gur mar sin atá? Leanann an tAire ar aghaidh: "Má éiríonn go maith lenár gcuid ealaíontóirí go hidirnáisiúnta, beidh na sochair nithiúil agus fairsing," a deireann sé. Is é an fothéacs anseo, gan amhras, ná gur taobh amuigh na réimse ealaíonta atá na sochair a fabhraítear. Is duaiseanna iad a bhuaitear sa mhargadh domhanda. Is é sin le rá, go gcuireann siad leis an aidhm atá sonraithe ag an Roinn Ealaíon ar a láithreán gréasáin: go dtugann na healaíona cúnamh chun "aischuir eacnamaíochta agus fostaíocht" a uasmhéadú. Níl tuiscint ar bith anseo maidir le fiúntas intreach, baineann gach rud le fóntachas. Tá bua eacnamaíocht Friedman críochnaitheach.

De réir an scéimre seo, glactar le rud ar bith, ar an gcoinníoll go bhfuil feidhm margaidh ann. Níl ach cúis amháin go seolfaí na gardaí go doras an Chaomhánaigh na laethanta seo, dá mbeadh a dhán ina bhagairt don OTN. Ar an gcaoi chéanna, níl ach fíorthráscaire rátha amháin ann anois, agus is táscaire airgeadais é.

"Is úrscéalaí iontach é. Díoladh 500,000 cóip dá chéad úrscéal agus fuair sé conradh trí leabhar fiú níos mó ná aon milliún euro." I gcóragrafaíocht na hÉireann comhaimsearthaí, tá ealaíontóirí faoi ghlas, iad i mbun Riverdance cúillithe cúng leis an stát agus a idé-eolaíocht oifigiúil. Tá gabháil déanta ag béarlagair nua-Yeatsach an chéid seo caite ar an spás cruthaitheach.

Is daoine Ceilteacha "Sinne na hÉireannaigh" a bhfuil meon ealaíonta againn. Is féidir leat blas a fháil de ag www.tourismireland.com. I mbeagán focal, úsáidtear go fóill ar son cúiseanna eile tuiscint ar na healaíona ar úsáideadh í roimhe seo chun cúnamh a thabhairt don streachailt ar son na saoirse

ó Impireacht na Breataine. Is rud príomhshruthach anois é dioscúrsa imeallach Yeats. Tá an tíogar "Ceilteach", seachas "Éireannach". Baineann a theanga íocónach le meascán de James Joyce agus bodhráin, In *The Name of the Father* agus U2. De réir mar a bhí beartaithe ag Haughey, tá an t-ealaíontóir faoi réir mhórgacht an stáit. I ngan fhios dó féin, tá an t-ealaíontóir i mbraighdeanas ghulag an dea-mhothaithe. Is áit í atá bundúchasach agus margadh tuisceanach. Tá sé saolta agus saibhir. Saoraíonn a stair chóilíneach atá ag téaltú siar ó chiontacht an chéad domhain í, a spreagfaí de dheasca a stádas faoi phribhléid i bhfábhar Meiriceá murach sin.

Míníonn sé seo go bhfuil a leithéid agus Christy Moore in easnamh don ghlúin seo, a thógfadh léasacha ar an stát as ucht na greasála a tugadh do mhuintir Ros Dumhach chun iad a dhíbirt ó bhóithre an phobail, as ucht an cheada a tugadh do na SA úsáid a bhaint as Aerfort na Sionna mar lingchlár chun céasta. Cá bhfuil Robert Ballagh na glúine seo, a léireodh na póilíní ag déanamh ionsaí ar shlua máirseála Lá Bealtaine, a dhéanfadh aoir maidir leis an gcinneadh chun bóthar a chur trí Theamhair na Rí? An féidir a leithéid agus Paul Durcan a bheith ann in Éirinn atá 'ráthúil'? Duine éigin a dhéanfadh aoir ar athadhlacadh ciniciúil Kevin Barry le mustar agus gleadhradh? Nó an ea go bhfuil ár n-ealaíontóirí curtha ina dtost ag marbhántacht an ghulag dea-mhothaithe?

Agus fós féin, mar a léiríonn cinsireacht, tá eagla roimh an bhfile go fóill. Tugtar aitheantas go fóill don chumhacht sin atá in ann léasacha a thógáil ar aghaidh a híospartach le haoir dea-aimsithe. Ach i ngulag an dea-mhothaithe, ní spreagtar criticeas ná scigcharactúr. Seo an chaoi a bhfuil sé, a ealaíontóirí uaisle, tá cúrsaí níos fearr dúinn anois ná mar a bhí riamh. Ach dá

mbeadh sé seo fíor, bheimis díreach anois i lár athbheochana cosúil le renaissance Medici. Dhéanfadh an rachmas ollmhór seo pátrúnacht ar áilliú na réimse poiblí. Cá bhfuil na saothair iontacha mar sin? De réir na cosúlachta níl Medici an lae inniu atá ag forbairt na maoine nua go léir atá sa stát ag glacadh go fonnmhar leis an ról.

Cá bhfuil an ealaín a dhéanfadh maisiú ar sraoilleáil na bhfobhailte?

Ní leor an Céatadán i gcomhair Ealaíne a chaitear chun ealaín agus aeistéiticí a chur ag croí-lár an mhéid a bheidh in Éirinn de bhun a hathraithe. Is cruthú an phointe é gur fágadh, in Éirinn le linn am an bhorrtha, ár nAmharclann cheannais Náisiúnta i ndobartaíl chomh fada seo. Fimíneacht amach is amach atá i gceist nuair a chuireann an stát íomhá de féin chun tosaigh ag maíomh gur ionad barr feabhais atá ann ó thaobh ealaíne de.

Ní amháin sa réimse phoiblí a bhíonn luach ag ealaín, ach freisin sa chuid sin ionainn atá príobháideach agus soghonta a ndéantar corrú nó athrú air de thoradh a theagmháil le healaín. Athraítear muid ag píosa ceoil nó tagann tocht orainn nuair a théann dán i bhfeidhm orainn. Bíonn ealaín ag léiriú rud éigin do dhuine éigin i gcónaí áfach, agus dá réir sin is gníomh cumarsáide é i gcónaí, agus cosúil le teanga, is rud poiblí é ó thaobh carachtair de.

Cosúil le teanga, freisin, tá graiméar agus rialacha ag baint leis na foirmeacha ealaíne éagsúla. Úsáidtear an graiméar seo nuair a chuirtear luach nó brí le léiriú ealaíonta. De réir dealraimh bíonn graiméar uilechoiteann ag saothair áirithe, is féidir taitneamh a bhaint astu am ar bith agus i roinnt cultúr éagsúil. Agus laistigh rialacha an chórais, is féidir abairtí agus frásaí úrnua a chumadh nach raibh ann riamh, chomh fada leis an éigríoch beagnach.

Maidir le saothair aonair, déantar iad i gcomhthéacs traidisiúin – beagnach cosúil le comhráite idir ealaíontóirí éagsúla thar tréimhse ama. Nó, ar ndóigh, is féidir leo a bheith mar shéanadh ar thraidisiún nó mar thús le leagan nua.

Tá cumas teanga ag an gcuid is mó de dhaoine, cé gur cainteoirí níos fearr cuid acu ná daoine eile. Agus cosúil le teanga, bíonn sainréimeanna éagsúla ag an ealaín agus is féidir í a thruailliú. Is féidir í a bheith casta chun 'béarlagair nuachta' a dhéanamh agus úsáid a bhaint as mar bholscaireacht.

Tá an ealaín, mar sin, díreach chomh luachmhar le teanga. Is cineál cainte eile í, ag nochtadh ár smaointí agus mothúcháin inmheánacha os comhair na réimse poiblí, is léiriú eile é dár ndaonnacht.

Ach, cosúil le teanga, is féidir úsáid a bhaint as ealaín chun bréaga a scaipeadh. Is féidir léi a bheith lán d'idé-eolaíocht, go háirithe nuair a chuirtear faoi réir tógáil féiniúlachta, tógáil náisiúin, nó déantús miotais. Ba chóir go mbeadh ealaín agus ealaíontóirí in amhras faoi na próisis seo i gcónaí.

Ach fós féin tugtar ómós d'ealaíontóirí ag an náisiún, ag polaiteoirí – ós rud é go bhfuil luach na healaíne ar eolas ag fir agus mná an stáit agus go dtuigeann siad an gradam a bhronnann sí. Tá sé ar eolas acu gur féidir léi a bheith ionsúite le harmlón na cumhachta, agus gur féidir neamhaird a dhéanamh uirthi mura bhfuil tairbhe le baint as.

Go fadtéarmach, díluacháiltear ealaín ag an stát ós rud go mbaineann sé úsáid as i gcomhair cuspóirí atá fóinteach agus ciniciúil. Déantar caolú ar chumhacht shaothar ealaíne tríd a

mheirdreachas ar son mhórgacht an stáit. Tá an t-ealaíontóir i bhfad níos fearr ina "drochshaoránach" mar a thug Don DeLillo é féin air – duine a dheireann go fileata an méid atá ar a intinn agus de réir a théamaí féin, a thairgeann tiomna aonarach gan a bheith faoi réir rud ar bith seachas fírinne an ghnímh ealaíonta é féin; agus go minic, faoi dheoidh, cé go ndéantar go híorónta é i rith an phróisis, cuireann sé le dea-bhail an daonlathais.

Ní fhéadfadh rud ar bith eile a bheith chomh treascach. Bíonn an comhfhios ealaíonta aonair docheansaithe; cruthaíonn sé saothar a "scaoileann ár bhfochomhfhios, a bhíonn dár dtiomáint ar aghaidh chuig ábhar réabhlóide de shaghas éigin", mar a dúirt Artaud. Is réabhlóid é atá ina fritéis chomhlán in aghaidh an aontachais nach mbíonn baint aige am ar bith le déanamh staire.

Is saoirse í féin í ealaín: lastall den bholscaireacht, ach ní lastall den pholaitíocht. Lastall de dhálaí ábhair agus só an tsaoil, lastall de theagasc oifigiúil ghulag an dea-mhothaithe. Is í an samhlaíocht í féin í, áit gur féidir leis an gcime fiú fáil réidh lena thámhú agus réadúlacht lastall dá chillín chompordach a shamhlú. I ndeireadh na ndála, is é an cineál ruda a tharraingíonn aird na ngardaí.

Ian Kilroy, Aibreán 2007
scríbhneoir agus iriseoir, eagarthóir ealaíon an Irish Examiner.

70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland

70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire

t +353 1 618 0200
f +353 1 676 1302
Callsave 1850 392 492

e info@artscouncil.ie
w www.artscouncil.ie